Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023
(OR. en)

9260/23

CULT 62
RELEX 580
JAI 601
COEST 308
ASIM 58
AUDIO 46
CIVCOM 123
COCON 32
COHAFA 50
COPS 238
IXIM 122
NDICI 12
PROCIV 28
VISA 99

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe

mar a d’fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Bealtaine 2023 iad.

# CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE hEALAÍONTÓIRÍ I MBAOL AGUS EALAÍONTÓIRÍ EASÁITITHE

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI

1. an tábhacht a bhaineann le cearta cruthaitheacha agus cultúrtha, mar a chumhdaítear in ionstraimí domhanda[1] agus réigiúnacha[2] maidir le cearta an duine, chun dínit an duine, éagsúlacht chultúrtha, iolrachas, daonlathas agus luach intreach an chultúir a chothabháil,

2. obair eagraíochtaí idirnáisiúnta ar shaoirse an léirithe ealaíonta, ina measc UNESCO – a n-aithníonn a Coinbhinsiún 2005 gur gá bearta a dhéanamh chun éagsúlacht léirithe cultúir a chosaint, go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh léirithe cultúir a bheith i mbaol a ndíothaithe nó a lagaithe thromchúisigh[3] – agus Comhairle na hEorpa[4], go háirithe maidir lena *Manifesto on the Freedom of Expression of the Arts and Culture in the Digital Era* [ Forógra maidir le Saoirse Léirithe na nEalaíon agus an Chultúir sa Ré Dhigiteach],

---

[1] Airteagal 27 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, atá 75 bliana ar an bhfód in 2023, nó Airteagal 15 den Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, i measc ionstraimí eile.

[2] An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i measc ionstraimí eile.

[3] Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

[4] Agus a cuid oibre á bunú aici ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (EHCR), d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa tuarascáil ar an tSaoirse Ealaíne agus sheol sí an Forógra maidir le Saoirse Léirithe na nEalaíon agus an Chultúir sa Ré Dhigiteach ina luaitear, i measc nithe eile, go mbíonn tionchar ag srianta ar an tsaoirse léirithe agus ar an tsaoirse ealaíne ar an tsochaí ina hiomláine, rud lena mbaintear uaithi a hiolrachas agus beogacht a próisis dhaonlathaigh.

3. na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2022 agus an 9 Feabhra 2023, ina dhearbhaítear an géarcháineadh a rinne sí cheana ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ina n-athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha, ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta[5], agus ina n-athdhearbhaíonn sí go leanfar de thacaíocht a thabhairt do dhaoine easáitithe[6],

4. an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le dlúthpháirtíocht chultúrtha leis an Úcráin, ina gcuirtear in iúl go bhfuil dlúthpháirtíocht dhílis aici le healaíontóirí[7], ós rud é go mbeidh ról bunúsach ag an ealaín agus ag an gcultúr i leigheas agus in atógáil na hÚcráine, ag moladh, go háirithe, gníomhaíocht ealaíontóirí agus chruthaitheoirí na hÚcráine a ghníomhaigh i gcoinne ionradh na Rúise trína n-ealaín a chleachtadh[8],

5. Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023–2026[9], ina bhfuil roinnt gníomhaíochtaí[10] a bhaineann le hábhar na n-ealaíontóirí i mbaol[11] agus na n-ealaíontóirí easáitithe.

---

5 EUCO 34/22.

6 EUCO 1/23.

7 Féach Iarscríbhinn II don sainmhíniú ar ‘ealaíontóirí’.

8 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir le dlúthpháirtíocht chultúrtha leis an Úcráin agus comhshásra práinnfhreagartha le haghaidh téarnamh cultúrtha san Eoraip (2022/2759(RSP)).

9 Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 - IO C 466, 7.12.2022.

10 Maidir le saoirse ealaíne, leis an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha áitiúla a chumhachtú san Úcráin agus maidir leis an ról atá ag an gcultúr agus ag gairmithe cultúrtha i gcur chun cinn agus i gcosaint an daonlathais agus chearta an duine i gcomhthéacsanna leochaileacha.

11 Féach Iarscríbhinn II don sainmhíniú ar ‘ealaíontóirí i mbaol’.

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS

6. bíonn ról tábhachtach ag ealaíontóirí ar fud an domhain i saol, forbairt agus athléimneacht na sochaí agus na ndaoine aonair, agus ba cheart dóibh a bheith in ann an ról a imirt agus a gcruthaitheacht agus a saoirse léirithe á gcaomhnú ag an am céanna,

7. i gcomhréir leis na rialacháin atá ann cheana, ba cheart, dá bhrí sin, cosaint a chur ar fáil d'ealaíontóirí ar bhagairtí agus ar sháruithe de gach cineál a chuireann i mbaol iad mar gheall ar a saothar ealaíne,

8. is ionsaí ar fhéiniúlacht chultúrtha na hÚcráine freisin é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus tá ról tábhachtach ag an ngné chultúrtha sna cineálacha éagsúla tacaíochta don Úcráin.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI

9. misneach agus diongbháilteacht na n-ealaíontóirí uile, go háirithe ealaíontóirí ban, a úsáideann an guth atá acu tríd an gcultúr chun sochaithe córa síochánta, saoirse agus daonlathas a chur chun cinn agus cogadh, géarleanúint agus éadulaingt a cháineadh,

10. an ról suntasach, go stairiúil agus sa lá atá inniu ann, atá ag ealaíontóirí ar deoraíocht i gcur chun cinn na síochána, na tuisceana frithpháirtí, na saoirse, an daonlathais agus na héagsúlachta cultúrtha, agus an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe leanúint dá n-obair ealaíonta agus leanúint d'fhianaise a thabhairt faoi imeachtaí leanúnacha,

11. ní féidir le healaíontóirí leanúint dá n-obair ealaíonta go sábháilte a thuilleadh i dtíortha ar fud an domhain ina gcuirtear luachanna daonlathacha faoi chois nó ina gcuirtear cosc orthu, lena n-áirítear ealaíontóirí ón Rúis agus ón mBealarúis atá cáinteach faoin réimeas agus dá bhrí sin a ndéantar bagairtí agus géarleanúint orthu go háirithe,

12. spreag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin easáitiú mórscála shaoránaigh na hÚcráine agus géarchéim dhaonnúil ar scála nach bhfacthas san Eoraip ón Dara Cogadh Domhanda, le tionchar ollmhór, lena n-áirítear ar ealaíontóirí agus ar a saoirse léirithe, agus d'athdhearbhaigh an méid sin an gá atá le hullmhacht san Eoraip chun tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, trí na creataí iomchuí institiúideacha agus dlíthiúla.

IS MÓR AICI AN MÉID SEO A LEANAS

13. na bearta atá déanta ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun tearmann[12] a chur ar fáil d'ealaíontóirí, lena n-áirítear mic léinn sna healaíona, agus iriseoirí neamhspleácha[13], atá ag teitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus na tionscnaimh a rinneadh faoi chuimsiú Chlár Eoraip na Cruthaitheachta[14] chun tacú le healaíontóirí na hÚcráine atá thíos leis an gcogadh, agus faoi chuimsiú chlár Erasmus+ chun tacú le mic léinn sna healaíona ón Úcráin.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL CHUÍ, AGUS TRÍ NA CREATAÍ INSTITIÚIDEACHA AGUS DLÍTHIÚLA CUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

14. breithniú a dhéanamh ar bhearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcumas tearmainn shábháilte agus 'cathracha tearmainn'[15], mar a thugtar orthu, a chur ar fáil d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus rannchuidiú le líonrú do na healaíontóirí sin,

15. machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar chónaitheachtaí ealaíonta rialta a oiriúnú ina gcónaitheachtaí éigeandála, agus riachtanais na n-ealaíontóirí i mbaol agus na n-ealaíontóirí easáitithe á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd atá ag teacht as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin,

16. machnamh a dhéanamh ar chur chuige fadtéarmach iomlánaíoch a chur i bhfeidhm agus fáilte á cur roimh ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe agus dá dteaghlaigh, agus an géarghá atá le tearmann sábháilte á chomhlánú leis an bhféidearthacht a bheith mar chuid den saol áitiúil agus cultúrtha agus fanacht gníomhach agus infheicthe ó thaobh na healaíne de, agus foghlaim theanga na tíre óstaí a spreagadh.

---

[12] Féach Iarscríbhinn II don sainmhíniú ar 'tearmann'.

[13] Féach, mar shampla, na conclúidí ón gComhairle (2022/C 245/04) maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin, ina moltar, mar shampla, go dtacódh na Ballstáit agus an Coimisiún le hiriseoirí agus gairmithe sna meáin atá neamhspleách agus atá ar deoraíocht, go háirithe ó thíortha mar shampla an Úcráin, an Bhealarúis agus Cónaidhm na Rúise.

[14] An Coimisiún Eorpach, *Support for Ukrainian artists, cultural and creative professionals and organisations* [Tacaíocht d'ealaíontóirí agus gairmithe agus eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha na hÚcráine].

[15] Féach Iarscríbhinn II don sainmhíniú ar 'cathracha tearmainn'.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA[16], INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

17. an t-idirphlé le comhpháirtithe na hÚcráine a choinneáil ar bun maidir le bealaí lena bhféadfaí leanúint de bheith ag tacú le hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hÚcráine agus cur chun cinn chultúr na hÚcráine san Aontas a spreagadh le rannpháirtíocht ealaíontóirí de chuid na hÚcráine, lena n-áirítear ealaíontóirí atá i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe, agus eagraíochtaí cultúir, agus neamhspleáchas agus éagsúlacht earnáil an chultúir á n-urramú go hiomlán ag an am céanna,

18. bearta a dhéanamh, trí na bealaí ábhartha uile, chun seasamh le saoirse ealaíne agus cearta ealaíontóirí ar fud an domhain agus iad a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun ealaín a chruthú gan chinsireacht nó imeaglú,

19. leanúint de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí san Aontas atá i mbaol nó easáitithe mar gheall ar éifeachtaí na réimeas leatromach nó an chogaidh, nó a bhfreasúra ina gcoinne, go háirithe cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin,

20. dul i gcomhairle le gníomhaithe atá gníomhach i dtearmainn a chur ar fáil d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe roimh na tuarascálacha tréimhsiúla a ghabhann le Coinbhinsiún Unesco 2005[17] agus, i gcás inarb ábhartha, saincheist na dtearmainneacha d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe a áireamh sna tuarascálacha sin.

---

16 Agus prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE á urramú.

17 Coinbhinsiún Unesco 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn, Airteagal 9.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. forléargas cuimsitheach a chur ar fáil ina leagtar amach faisnéis atá cothrom le dáta faoi chúnamh déthaobhach an Aontais agus na mBallstát don Úcráin i réimse na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta, lena n-áirítear ealaíontóirí na hÚcráine atá i mbaol agus easáitithe,

22. rannchuidiú le líonrú agus le malartú faisnéise, dea-chleachtas agus taithí idir na Ballstáit agus gníomhaithe neamhstáit a thacaíonn le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe,

23. tacú le comhar beartais trasnáisiúnta trasearnála maidir le saoirse ealaíne, lena n-áirítear tacú le gníomhaíochtaí le haghaidh ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe, agus an taithí a fuarthas ó ghlao ar thacaíocht Eoraip na Cruthaitheachta do dhaoine easáitithe ón Úcráin agus d’earnálacha cultúir agus cruthaitheacha na hÚcráine á chur san áireamh.

## <u>IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN</u>

### <u>Tagairtí</u>


- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. (2000/C 364/01)
- *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the European Democracy Action Plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach]. COM/2020/790 final (níl leagan Gaeilge ann)
- an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Sraith Chonarthaí de chuid Chomhairle na hEorpa 005, Comhairle na hEorpa, 1950
- Conclúidí ón gComhairle maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin – IO C 245, 28.6.2022, lch. 5
- Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 – IO C 466, 7.12.2022, lch. 1
- Dearbhú Chomhdháil na nAirí Cultúir de chuid Chomhairle na hEorpa 'Ár dtodhchaí a chruthú: an chruthaitheacht agus an oidhreacht chultúrtha mar acmhainní straitéiseacha d'Eoraip atá éagsúil agus daonlathach', an 1 Aibreán 2022
- Dearbhú ó na hairí Eorpacha atá freagrach as an gCultúr, as an gClosamharc agus as na Meáin, ag teacht le chéile dóibh in Angers, curtha in eagar 2022
- An Coimisiún Eorpach, *EU supports Ukraine through culture* [An tAontas Eorpach ag tacú leis an Úcráin tríd an gcultúr], curtha in eagar 2022

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 15 Nollaig 2022, EUCO 34/22
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 9 Feabhra 2023, EUCO 1/23
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 23 Márta 2023, EUCO 4/23
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir le dlúthpháirtíocht chultúrtha leis an Úcráin agus comhshásra práinnfhreagartha le haghaidh téarnamh cultúrtha san Eoraip. (2022/2759(RSP))
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta. (2022/2047(INI))
- Líonra Idirnáisiúnta na gCathracha Tearmainn, ICORN, *What is ICORN* [Céard is ICORN ann], curtha in eagar 2023. Nasc: https://icorn.org/what-icorn (Rochtain 20 Márta 2023)
- ECFE, *Policy Responses on the Impacts of the War in Ukraine*, [Freagairtí beartais ar thionchar an chogaidh san Úcráin], curtha in eagar 2022
- Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 – IO L 189, 28.5.2021, lch. 34
- Coiste Stiúrtha um Chultúr, Oidhreacht agus Tírdhreach (CDCPP), Jaroslav Andel, Giuliana De Francesco, Kata Krasznahorkai, Mary Ann DeVlieg, Sara Whyatt, le tacaíocht ó Levan Kharatishvili, *Manifesto on the Freedom of Expression of Arts and Culture in the Digital Era* [Forógra maidir le Saoirse Léirithe na nEalaíon agus an Chultúir sa Ré Dhigiteach], curtha in eagar 2020

- Coiste Stiúrtha um Chultúr, Oidhreacht agus Tírdhreach (CDCPP), *Free to Create: Artistic Freedom in Europe – Council of Europe Report on The Freedom of Artistic Expression* [Saor le cruthú: an tSaoirse Ealaíne san Eoraip – Tuarascáil ó Chomhairle na hEorpa maidir le saoirse an léirithe ealaíonta], curtha in eagar in 2023

- Unesco, Coinbhinsiún 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn, curtha in eagar 2015

- UNHCR, *Ukraine Refugee Situation* [Staid na nDídeanaithe Úcránacha], sonraí tugtha cothrom le dáta i mí na Nollag 2022

- Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *International Covenant on Economic, Social and Cultural Rights,* [an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha], A/RES/2200, 1966

- Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *Universal Declaration of Human Rights* [Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD)]. Rún 217 A(III) ón gComhthionól Ginearálta, 1948

## Sainmhínithe

Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Ealaíontóir: tá an sainmhíniú ar 'ealaíontóir' le tuiscint le brí leathan; lena n-áirítear gach gairmí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013.

Tearmann: ciallaíonn 'tearmann' deis a chuirtear ar fáil d'ealaíontóirí i mbaol ina dtíortha féin cosaint a fháil agus, más mian leo, fanacht gníomhach ó thaobh na healaíne de, in áit eile ar feadh tréimhse teoranta ama.

Ealaíontóirí i mbaol: ealaíontóirí atá faoi bhagairt ag coinbhleacht armtha, géarleanúint nó cos ar bolg.

Cónaitheacht éigeandála: áit chun ealaíontóir i mbaol a athlonnú go sealadach, agus cóiríocht agus deiseanna á gcur ar fáil chun leanúint dá c(h)uid oibre in áit shábháilte. Is féidir cónaitheacht éigeandála a chruthú trí chláir chónaithe ealaíne atá ann cheana féin nó trí chónaitheachtaí ealaíonta nua a chruthú chun tacú le healaíontóirí easáitithe atá ag teitheadh ó choinbhleacht armtha.

Cathracha tearmainn: de réir Líonra Idirnáisiúnta na gCathracha Tearmainn (ICORN), is cathracha nó réigiúin iad 'cathracha tearmainn' a thugann foscadh do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí i mbaol, a dhéanann saoirse léirithe a chur chun cinn, luachanna daonlathacha a chosaint agus dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn. Cuireann Cathracha ICORN foscadh fadtéarmach, ach sealadach, ar fáil dóibh siúd a chuirtear i mbaol mar thoradh díreach ar a ngníomhaíochtaí cruthaitheacha[18].

---

[18] Líonra Idirnáisiúnta na gCathracha Tearmainn.